Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 4 Deireadh Fómhair 2022**
**(OR. en)**

**13081/22**

**FIN 1022**
**CLIMA 479**
**ENV 947**
**AGRI 493**
**COH 94**
**TRANS 616**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 4 Deireadh Fómhair 2022 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 12696/22 |
| Ábhar: | Tuarascáil Speisialta Uimh. 9/2022 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal: *‘Climate spending in the 2014-2020 EU budget – Not as high as reported’* [An caiteachas aeráide i mbuiséad 2014-2020 an Aontais – Níl sé chomh hard agus a thuairiscítear]<br>– Conclúidí ón gComhairle (an 4.10.2022) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo na conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta 09/2022 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal *‘Climate spending in the 2014-2020 EU budget – Not as high as reported’* [An caiteachas aeráide i mbuiséad 2014-2020 an Aontais – Níl sé chomh hard agus a thuairiscítear], tuarascáil a d’fhormheas an Chomhairle (Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais) ag an 3898ú cruinniú a bhí aici an 4 Deireadh Fómhair 2022.

**<u>IARSCRÍBHINN</u>**

**Conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 09/2022 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal:**

***'Climate spending in the 2014-2020 EU budget – Not as high as reported'* [An caiteachas aeráide i mbuiséad 2014-2020 an Aontais – Níl sé chomh hard agus a thuairiscítear]**

MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH:

1. IS DÍOL SÁSAIMH DI Tuarascáil Speisialta Uimh. 09/2022 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa (dá ngairtear 'an Chúirt' anseo feasta) mar aon le freagraí an Choimisiúin ar an Tuarascáil;

2. TUGANN SÍ DÁ hAIRE príomhthorthaí na Tuarascála, go háirithe an méid seo a leanas:

   – ní raibh an caiteachas a tuairiscíodh don tréimhse ó 2014 go 2020 ábhartha i gcónaí don ghníomhú ar son na haeráide agus mheas an Coimisiún thar a cheart an rannchuidiú ar son na haeráide ó chomhchodanna lárnacha de bhuiséad an Aontais, rómheastachán EUR 72 bhilliún ar a laghad, agus gur as cistiú talmhaíochta a tháinig os cionn 80 % de sin; ciallaíonn sé sin nár caitheadh ach thart ar 13 % de bhuiséad 2014-2020 an Aontais ar an ngníomhú ar son na haeráide in ionad an 20.1 % a thuairiscigh an Coimisiún ar dtús;

   – tuairisciú neamhiontaofa tríd is tríd ab ea an tuairisciú a rinneadh ar an gcaiteachas aeráide, rud a luíonn go príomha le teorainneacha agus cur i bhfeidhm neamhsheasmhach na modheolaíochta, nó trí chaiteachas a thuairisciú nach raibh bunaithe ach amháin ar mhéideanna a beartaíodh nó méideanna a gealladh;

   – níltear ag súil ach le feabhsuithe teoranta i dtuairisciú aeráide 2021-2027, le haghaidh cláir a thagann faoi bhuiséad an Aontais agus faoi NextGenerationEU (NGEU) araon;

3. IS DÍOL SÁSAIMH DI gur ghlac an Coimisiún le mórchuid na moltaí ón gCúirt agus tá bearta á ndéanamh aici cheana chun cuir chuige éagsúla faireacháin a chuíchóiriú, chun rianú comhsheasmhach a áirithiú, agus chun aghaidh a thabhairt ar roinnt easnamh a sainaithníodh, go háirithe maidir le marcóirí aeráide;

4. TAGANN SÍ A BHEAG NÓ A MHÓR leis na freagraí ón gCoimisiún ar na torthaí agus na moltaí a luaitear sa Tuairisc ón gCúirt, go háirithe go bhfuil an mhodheolaíocht phríomhshruthúcháin don aeráid agus an tuairisciú do chlárthréimhse 2014-2020 ina gcomhfhogasú i gcónaí; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR, áfach, a thábhachtaí atá sé go mbeidh modheolaíocht dhaingean iontaofa ag an Aontas lena ndéanfar an gníomhú ar son na haeráide a rianú, modheolaíocht a chuirfear in iúl go soiléir agus atá bunaithe ar fhianaise eolaíoch, agus breithniú á dhéanamh ar dhea-chleachtais ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal áitiúil;

5. MEABHRAÍTEAR DI, i ndáil leis an méid sin, conclúidí ón gComhairle an 17-21 Iúil 2020, ina luaitear gur cheart do chláir agus d'ionstraimí a bheith ag féachaint le gníomhaíochtaí ar son na haeráide a phríomhshruthú agus le sprioc fhoriomlán a bhaint amach, is é sin 30 % ar a laghad de bhuiséad iomlán an Aontais agus caiteachas NGEU lena dtacaítear le cuspóirí aeráide ar bhonn modheolaíocht éifeachtach chun faireachán a dhéanamh ar an gcaiteachas aeráide agus ar a fheidhmíocht, agus ATHDHEARBHAÍONN SÍ gur cheart do chaiteachas an Aontais a bheith comhsheasmhach le cuspóirí Chomhaontú Pháras i gcomhréir le míreanna A21 agus 18 de na conclúidí thuasluaite.

6. I gcomhréir le Comhaontú Idirinstitiúideach an 16 Nollaig 2020, IARRANN SÍ ar an gCoimisiún modheolaíocht lena ndéanfar an gníomhú ar son na haeráide a rianú a leagan amach, ina n-áireofar comhairliúchán bliantúil ag an gCoimisiún le Parlaimint na hEorpa agus leis an gComhairle, agus lena sainaithneofar bearta ábhartha a bheidh le déanamh i gcás dul chun cinn neamhleor i dtreo na spriocanna is infheidhme a bhaint amach.

7. CREIDEANN SÍ gur feabhsú atá sa mhodheolaíocht don tréimhse ó 2021 go 2027 i gcomparáid leis an modheolaíocht a bhí in úsáid don tréimhse ó 2014 go 2020, go háirithe leis an mbéim a cuireadh ar chur chuige éifeachtbhunaithe;

8. TUGANN SÍ DÁ hAIRE na moltaí ón gCúirt agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún an méid a leanas a dhéanamh:

   - an mhodheolaíocht lena ndéantar faireachán ar an gcaiteachas aeráide a fhorbairt a thuilleadh, modheolaíocht shimplí éifeachtbhunaithe a bheidh in ann tionchar a thomhas, bunaithe ar fhianaise eolaíoch, agus lena ráthófar comhsheasmhacht maidir leis an tuairisciú aeráide ar na gcláir ar fad, gan ualach riaracháin míchuí a chruthú;

- leanúint d’fheabhas a chur ar éifeachtúlacht an tuairiscithe aeráide ar fud bhuiséad an Aontais agus treoir iomchuí a chur ar fáil má mheastar gur gá sin;
- feabhas a chur ar a thuairisciú aeráide bliantúil chun leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus faoi chomhair íocaíochtaí araon a chur san áireamh freisin, chomh maith le méideanna nár úsáideadh (nár caitheadh agus a saoradh);
- leanúint den phlean agus den chomhordú, agus an comhar leis na húdaráis náisiúnta ábhartha á threisiú chun an mhodheolaíocht lena ndéantar faireachán ar an gcaiteachas aeráide a mhionchoigeartú, agus breithniú á dhéanamh ar na ceachtanna a foghlaimíodh ó chlárthréimhse 2014-2020, agus malartú dea-chleachtas á spreagadh ar leibhéal na hEorpa.